| | |
|---|---|
| AN TSRAITH SHINSEARCH SENIOR CYCLE | **ama 2: Conairí agus Solúbthacht** |

Teimpléad freagraí do thuismitheoirí

**Conradh na Gaeilge á fhreagairt**

**mhéad thuismitheoirí i gcomhairle leo? ______________________**

**D: ___Conradh na Gaeilge____**
cur i gcrích ag an meantóir)

**1. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi na cláir atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach.**

***a. Céard iad na trí ghné is dearfaí, más ann dóibh, faoin gclár atá ar bun ag bhur bpáistí? Tugaigí samplaí sonracha.***

Tá ceithre scileanna ann a chaithfidh an dalta máistreacht a fháil ar Ghaeilge nó fiú amháin aon teanga, sin cluaisthuiscint, labhairt, léamh agus scríobh. Is san ord sin a chaifear an dalta an teanga a fhoghlaim. Mar sin tá an scrúdú cainte agus scrúdú closéisteachta thar a bheith tábhachtach

***b. Céard iad na trí ghné is diúltaí, más ann dóibh, faoin gclár atá ar bun ag bhur bpáistí? Tugaigí samplaí sonracha.***

An gné is diúltaí ná nach bhfuil an dalta ag baint amach líofacht sa Ghaeilge tar éis oideachas de ar a laghad 13 bliana ag foghlaim an teanga. Tá seo ag srianú na daltaí i dtaobh deiseanna fostaíochta de amach sa todhchaí mar go bhfuil Gaeilge ag teastáil ní amháin do phostanna faoi leith ach do chúrsaí tríú leibhéal freisin. An bealach is fearr gur féidir líofacht a fháil sa Ghaeilge ná tríd an tumoideachas. De bharr go bhfuil formhór na scoileanna ag múineadh trí Bhéarla ní bhíonn an deis ag an dalta teaghmháil rialta a bheith acu sa teanga. Is léir go bhfuil an tumoideachas ag obair do na gaelscoileanna an líofacht sin a bhaint amach dá bharr. Mar sin táimid ag moladh go gcuirfear an páirt-tumoideachas, mar atá molta sa Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus sa phlean 5 bliana den Straitéis, i bhfeidhm sna scoileanna sin, sé sin ábhar eile a mhúineadh trí Ghaeilge. Dar ndóigh caithfear é seo a dhéanamh ar bhonn chéimiúil ag dul tríd na sraitheanna éagsúla de réir a chéile.

***c. Mura dtairgtear clár faoi leith in bhur scoilse, an gceapann sibh go bhfuil gnéithe den chlár sin a rachadh chun tairbhe bhur bpáistí?***

De bharr easpa teagmháil ag an dalta leis an nGaeilge, tá sé riachtanach go mbeidh an Ghaeilge mar chroí-ábhar sa Sraith Shinsearach. Má bhaintear an Ghaeilge mar chroí-ábhar beidh deis caillte líofacht a bhaint amach sa teanga. Tá go leor taighde déanta ar buntáistí an dátheangachas agus rachaidh sé chun tairbhe don dalta go mbeidh an dara teanga acu ar a laghad. Tá sé feicthe sna Gaelscoileanna go bhfuil torthaí níos fearr ní amháin sa Ghaeilge, ach sa Bhéarla, Mata agus teangacha eachtranacha eile. Tá líofacht, mar sin, ag croílár an scéal le hoideachas níos fearr a thabhairt don dalta.

**2. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoin gcaoi ar cheart nó a bhféadfaí an tSraith Shinsearach a struchtúrú**

***a. Cá fad ba cheart a chur ar leataobh don tSraith Shinsearach, agus más ceart solúbthacht a thabhairt do na scoláirí chun an tsraith shinsearach a chur i gcrích ag luas difriúil, cén tsolúbthacht a theastaíonn?***

Tá gá le solúbthacht ann i dtaobh múineadh na Gaeilge de ag aithint na leibhéil difriúla foghlamtha atá ag na daltaí. Mholfaimid mar sin go tógtar an Córas Creat Eorpach isteach sa siollabas Gaeilge chun feiceáil chun stad atá an dalta i dtaobh a c(h)umas de sna scileanna cluasthuiscint, labhairt, léamh agus scríobh. Nuair nach an dalta ag teacht le leibhéal a ba chóir don siollabas, tá gá le breis tacaíocht a thabhairt.

***b. Ar cheart rogha níos mó a thairiscint do scoláirí faoi na comhpháirteanna curaclaim chun clár a sraithe sinsearaí a thógáil?***

Aontaíonn Conradh na Gaeilge le hoideachas leathan a bheith ag daltaí agus mar chuid den oideachas leathan sin is chóir an Ghaeilge a choinneáil mar chroí-ábhar, i. ábhar a dhéanann gach dalta staidéar air

***c. An bhfuil ábhair/réimsí/taithí foghlama ann ba cheart do gach scoláire sa tsraith shinsearach tabhairt faoi? Mínigh bhur dtuairimí.***

Aontaíonn Conradh na Gaeilge le hoideachas leathan a bheith ag daltaí agus mar chuid den oideachas leathan sin is chóir an Ghaeilge a choinneáil mar chroí-ábhar, i. ábhar a dhéanann gach dalta staidéar air, ar na fáthanna seo a leanas:

- De réir daonáireamh Poblacht na hÉireann i 2016 bhí 1,761,420 daoine a dúirt go bhfuil Gaeilge acu, sin 39.8% den daonra. De réir daonáirimh 1911, sula tosaíodh an Ghaeilge a mhúineadh mar chroí-ábhars bhí 553,717 cainteoirí Gaeilge ann, b'shin 17.60% den daonra. Mar sin tá trí oiread an líon cainteoirí Gaeilge agus dhá oiread an céatadán de chainteoirí Gaeilge inniu. Is é an phríomh fáth leis seo ná an taithí a fuair muintir Phoblacht na hÉireann leis an nGaeilge sa scoil mar chroí-ábhar arteiste
- Tá meon dearfach ag muintir na hÉireann i dtaobh na Gaeilge. De réir taighde ón ESRO tá 93% den daonra ar son í a athbheochan nó a chaomhnú

- Ó thuaidh tá 184,853 duine nó 10.65% den daonra atá ábaltacht éigin acu leis an nGaeilge. Ó dheas tá nach mór 4 oiread níos mó daoine le Gaeilge de réir céatadán den phobal ná atá ann ó thuaidh. Is é an phríomhdifríocht atá ann ná go bhfuil dlínse amháin, Poblacht na hEireann, ag múineadh Gaeilge mar chroí-ábhar go deireadh an dara leibhéal
- Tá de cheart ag gach saoránach sa tír gnó a dhéanamh leis an Stáit trí mheán na Gaeilge. Tá freagracht ar na scoileanna/An Roinn Oideachais daltaí a chumasú le rogha a bheith acu cé acu Gaeilge nó Béarla a roghnóidh siad. Tá an ceart seo á shéanadh orthu siúd nach bhfoghlaimíonn an Ghaeilge
- Creideann 61% de dhaoine ba chóir don nGaeilge a bheith éigeantach don Ardteist (Ipsos MRBI 2010)
- Creideann 65% den daonra idir aois 15-24 gur chóir go mbeadh an Ghaeilge éigeantach don Ardteist (Ipsos MRBI 2010)
- Tá gach leibhéal sa scoil idirspleách ar a chéile – má bhíonn an Ghaeilge roghnach don Ardteist beidh níos lú béime uirthi don Teastas Sóisearach agus ar aghaidh go dtí an bhunscoil
- Thit líon na daltaí a bhí ag staidéar teangacha i Sasana go tubaisteach ó 78% i 2001 go 46% i 2008 nuair a rinneadh teangacha roghnach don GCSE (agus bheadh sé i bhfad Éireann níos ísle ná sin ach gur choinnigh go leor scoileanna príobháideacha teangacha éigeantach ina scoileanna fhéin)
- Bheadh an dalta nach ndéanann an Ghaeilge don Ardteist ag cailliúint go leor leor deiseanna fostaíochta agus gairme, ar nós aistritheoireachta, ateangaireachta, láithreoireachta, léiritheoireachta, taighde, leighis, teiripe urlabhra, cuntasaíochta agus dlí
- Is é polasaí an Rialtais fhéin cloí leis an nGaeilge mar chroí-ábhar ardteiste agus ba chóir leanúint leis sin. Déantar tagairt suntasach do seo sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30: ***'Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal***. *Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.'*

**3. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi na conairí atá ar fail do scoláirí sa tSraith Shinsearach**

***a. An gceapann sibh go bhfuil bhur bpáistí ag tabhairt faoin gconair sraithe sinsearaí is fearr dá riachtanais? Mínígí bhur bhfreagra.***

Níl. Tá gá le iniúchadh a dhéanamh ar mhúineadh na Gaeilge trí chéile mar a mhol an Coimisinéir Teanga Seán Ó Cuirreáin. Tá gá le Polasaí Oideachais do mhúineadh na Gaeilge trí chéile a chruthú chun dul i bhfeidhm ar an bhfadhb. Tá gá le breis acmhainní, traenáil agus múinteoirí.

***b. An gceapann sibh go bhfuil na heispéiris foghlama atá ar fáil do bhur leanaí ag freastal mar is cuí ar a riachtanais? Cé na moltaí a dhéanfadh sibh ina leith?***

Ag braith ar leibhéal foghlamtha an dalta tá gá le béim ar chumas labhartha an dalta. Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh litríocht na Gaeilge ag an dalta ag braith ar an leibhéal is féidir níos mó béim ar scileanna cumarsáide a bhaint amach. An toradh is tábhachtaí ná go mbeidh líofacht sa teanga. Ba chóir dhá ábhar don ardteist: ábhar amháin a leanfaidh gach mac léinn dara leibhéal bunaithe ar an gCreat Eorpach d'Fhohghlaim Teangacha agus an ceann eile mar ábhar roghnach bunaithe ar an litríocht agus saíocht na Gaeilge

**4. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi mheasúnú sa tSraith Shinsearach**

***a. Céard iad na gnéithe dearfacha, más ann dóibh, faoi na cuir chuige reatha i leith measúnú sa tsraith shinsearach? Cuimhnígí ar na gnéithe measúnaithe is dearfaí do gach clár a bhfuil taithí agaibh orthu (an Idirbhliain, ATB, GCAT nó ATF).***

Tá gá leis an gCreat Eorpach a thabhairt isteach ionas gur féidir measúnú ceart a dhéanamh ar na 4 scileanna cumarsáide éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh an dalta.

***b. Céard iad na gnéithe diúltacha, más ann dóibh, faoi na cuir chuige reatha i leith measúnú sa tsraith shinsearach? Cuimhnígí ar na gnéithe measúnaithe is dearfaí do gach clár a bhfuil taithí agaibh orthu (an Idirbhliain, ATB, GCAT nó ATF).***

Easpa teagmháil leis an nGaeilge sa scoil i gcoitinne. Dar ndóigh má tá liofacht an teanga bainte amach acu tá gá le litríocht a mhúineadh ionas go mbeidh oidhreacht ár dteanga náisiúnta acu dá bharr.

***c. Cuimhnigh ar an bhfreagra ar Cheist 3; ar mhaith libh aon athruithe a fheiceáil ar mheasúnú sa tsraith shinsearach? Dá mba mhaith, tugaigí breac-chuntas ar na cineálacha athruithe ba mhaith libh a fheiceáil, na cúiseanna leis na hathruithe sin agus na dúshláin a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sin.***

Tá gá an scrúdú cainte a thabhairt ar ais sa Sraith Shóiséaraigh go bhfuil níos mó taithí ann ag an dalta le labhairt chun ullmhú don scrúdú cainte an Sraith Shóiséaraigh.

**5. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi thuairisciú**

***a. Céard atá tábhachtach dar libh le cur i dtuairisc bhur bpáistí ag deireadh na sraithe sinsearaí?***

Bris síos é de réir na hábhair seo sa Ghaeilge:

1.Cluaisthuiscint
2. Scileanna labhartha

3. Léamh
4. Scríobh
5. Litríocht

Tá gá dar ndóigh cúrsaí gramadaí a thógáil san áireamh i scileanna labhartha agus scríobh. Cur béim a chur ar na scileanna thuas de réir an ord atá siad chun líofacht an teanga a bhaint amach.

**6. An ndearnamar dearmad ar aon cheo?**

**Úsáidigí an spás seo chun breac-chuntas a thabhairt ar bhur ndearcthaí ar aon cheo nach raibh deis agaibh a lua linn mar gheall ar an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach.**

Cibé athraithe a déantar coinnigh an Ghaeilge mar chroí-ábhar sa Sraith Sinsearach. Ní bheidh teagmháil ar bith ag an dalta leis an nGaeilge má déantar an ábhar roghnach.